JOINT COMMITTEE OF THE EUROPEAN SUPERVISORY AUTHORITIES

JC/GL/2024/36

06/11/2024

# Treoirlínte Comhpháirteacha

## maidir leis an gcomhar maoirseachta agus an malartú faisnéise idir ÚMEnna agus na húdaráis inniúla faoi Rialachán (AE) 2022/2554

## Stádas na dTreoirlínte

Eisítear na Treoirlínte seo de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (Rialacháin ÚMEnna)[1].

Eisíonn na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) na Treoirlínte seo ar bhonn Airteagal 32(7) de Rialachán (AE) 2022/2554 ('DORA')[2], agus dá réir sin eiseoidh na ÚMEnna treoirlínte maidir leis an gcomhar idir na ÚMEnna agus na húdaráis inniúla lena gcumhdófar an méid seo a leanas:

- na nósanna imeachta agus coinníollacha mionsonraithe maidir le cúraimí a leithdháileadh agus a fhorghníomhú idir údaráis inniúla agus ÚMEnna; agus
- na mionsonraí maidir leis na malartuithe faisnéise atá riachtanach chun go n-áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfar obair leantach ar mholtaí atá dírithe ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí chuig eintitis airgeadais a ainmnítear mar eintitis chriticiúla.

## Ceanglais tuairiscithe

I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialacháin ÚMEnna, déanfaidh na húdaráis inniúla gach iarracht na Treoirlínte a chomhlíonadh. Ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚME faoi seach maidir le cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo, nó maidir le cúiseanna le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, laistigh de 2 mhí tar éis na leaganacha aistrithe de na Treoirlínte a bheith eisithe. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh an ÚME faoi seach go bhfuil na húdaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh chuig compliance@eba.europa.eu, CoE@eiopa.europa.eu agus DORA@esma.europa.eu leis an tagairt 'JC/GL/2024/36'. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Foilseofar fógraí ar shuíomhanna gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lgh 12-47). Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lgh. 48-83), Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010 lgh. 84-119).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lgh. 1-79).

# Cuid 1: Breithnithe ginearálta

## Aidhmeanna agus prionsabail ghinearálta

Is é is aidhm do na Treoirlínte seo a áirithiú go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag na ÚMEnna agus ag na húdaráis inniúla:

- forléargas ar na réimsí ina bhfuil gá le comhar agus/nó malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus ÚMEnna i gcomhréir le hAirteagal 32(7) de DORA;
- cur chuige comhordaithe agus comhtháite idir na ÚMEanna agus na húdaráis inniúla maidir le faisnéis a mhalartú agus nuair a dhéantar comhar chun críche gníomhaíochtaí maoirseachta chun éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht a áirithiú agus chun dúbláil a sheachaint;
- cur chuige coiteann maidir leis na rialacha nós imeachta agus na hamlínte a bhfuil feidhm acu maidir le comhar agus malartú faisnéise, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí agus modhanna le haghaidh comhair agus malartú faisnéise.

Is cleachtais chomhsheasmhacha, éifeachtúla agus éifeachtacha iad na Treoirlínte seo maidir leis an gcomhar maoirseachta agus an malartú faisnéise idir ÚMEnna agus údaráis inniúla i gcomhthéacs Airteagal 32(7) de DORA. Ní chuireann na Treoirlínte seo bac ar mhalartú faisnéise breise ná ar chomhar maoirseachta leathnaithe idir ÚMEnna agus údaráis inniúla. Féadfaidh sonraí praiticiúla an chomhair agus na comhroinnte faisnéise idir ÚMEnna agus údaráis inniúla a bheith faoi réir spriocshamhlacha oibriúcháin saincheaptha.

Ba cheart cur chuige coisctheach agus rioscabhunaithe a chur san áireamh sa chomhar agus sa mhalartú faisnéise a leagtar amach sna Treoirlínte seo, cur chuige ar cheart leithdháileadh cothrom cúraimí agus freagrachtaí idir na trí ÚME agus na húdaráis inniúla a bheith mar thoradh air agus ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní daonna agus as an saineolas teicniúil atá ar fáil i ngach ceann de na ÚMEanna agus na húdaráis inniúla.

Mura sonraítear a mhalairt sna Treoirlínte seo, tagraíonn ÚMEnna do na trí ÚME lena n-áirítear an Príomh-Mhaoirseoir (LO).

# Raon feidhme

Ní bhaineann raon feidhme na dTreoirlínte seo ach le Cuid II de Chaibidil V (Airteagail 31-44) de DORA agus ní chumhdaítear leis airteagail a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- cúraimí nach bhfuil feidhm acu ach maidir le húdarás inniúil sonrach amháin nó ÚME amháin (e.g. Airteagal 43 maidir le táillí Maoirseachta, ar cúram é don LO amháin) nó a bhfuil feidhm acu maidir le heintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla (e.g. faoi Airteagal 35(5), ní mór do CTPPanna comhoibriú de mheon macánta le LO, agus cúnamh a thabhairt dó maidir lena chúraimí a chomhlíonadh);

- an comhar i measc na n-údarás inniúil (e.g. faoi Airteagal 48(1), comhoibreoidh údaráis inniúla go dlúth eatarthu féin), i measc ÚMEnna (e.g. faoi Airteagal 35(2)(a), áiritheoidh an LO comhordú rialta laistigh den Líonra um Maoirseacht Chomhpháirteach) agus le húdaráis AE eile (e.g. faoi Airteagal 34(3), féadfaidh an LO a iarraidh ar BCE agus ar ENISA comhairle theicniúil a sholáthar);
- na socruithe rialachais atá faoi réir rialacha nós imeachta na ÚMEnna (e.g. faoi Airteagal 32, ní mór do na ÚMEnna OF a bhunú agus faoi Airteagal 34, ní mór do na LOnna an Líonra um Maoirseacht Chomhpháirteach a bhunú);
- na sainorduithe dlíthiúla ar leithligh (e.g. na critéir chun comhdhéanamh JET a chinneadh, a n-ainmniú, a gcúraimí agus a socruithe oibre, cumhdaítear iad le caighdeáin theicniúla rialála ar leithligh atá le forbairt ag ÚMEnna (Airteagal 41(1)(c) de DORA).

## Treoirlíne 1: Teanga, modhanna cumarsáide, pointí teagmhála agus inrochtaineacht

1.1 Chun críocha comhair agus malartaithe faisnéise, ba cheart do na ÚMEnna agus do na húdaráis inniúla cumarsáid a dhéanamh i mBéarla, mura gcomhaontaítear a mhalairt.

1.2 Ba cheart do na ÚMEnna agus do na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear sna Treoirlínte seo a chur ar fáil trí mheán leictreonach, mura gcomhaontaítear a mhalairt.

1.3 Ba cheart do na ÚMEnna agus do na húdaráis inniúla pointí teagmhála aonair a bhunú i bhfoirm seoladh ríomhphoist institiúideach/feidhmiúil tiomnaithe le haghaidh malartuithe faisnéise idir na ÚMEnna agus na húdaráis inniúla.

1.4 Níor cheart an pointe teagmhála aonair a úsáid ach amháin chun faisnéis neamhrúnda a mhalartú. Féadfaidh na ÚMEnna agus na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú ar bhonn déthaobhach agus/nó iltaobhach maidir le haon cheanglas is infheidhme a bhaineann le tarchur slán faisnéise tríd an bpointe teagmhála aonair (e.g. ceanglas maidir le ríomhshínithe daoine údaraithe).

1.5 Ba cheart do ÚMEnna an fhaisnéis faoi na pointí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla. Ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis faoi na pointí teagmhála a chur ar fáil agus a thabhairt cothrom le dáta gan moill mhíchuí de réir na dtreoracha oibríochtúla arna sainiú ag na ÚMEnna.

1.6 Ba cheart do na ÚMEnna agus do na húdaráis inniúla uirlis thiomnaithe shlán ar líne a úsáid chun faisnéis a roinnt le chéile ar bhonn rúnda agus slán. Ba cheart don uirlis ar líne bearta slándála faisnéise teicniúla a chur i láthair chun rúndacht sonraí a ráthú i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ag tríú páirtithe.

1.7 Ba cheart an fhaisnéis atá le malartú tríd an uirlis thiomnaithe shlán ar líne a bheith teoranta don fhaisnéis atá le cur isteach de réir phointí 5 go 12 agus d'aon fhaisnéis bhreise is gá don Phríomh-Mhaoirseoir agus do na húdaráis inniúla chun a ndualgais faoi seach a chomhlíonadh faoi DORA.

1.8 Ba cheart do na ÚMEnna agus do na húdaráis inniúla a áirithiú go mbeidh cumarsáid agus malartú faisnéise idir na ÚMEnna agus na húdaráis inniúla inrochtana do na páirtithe uile lena mbaineann, agus cuimsitheach dóibh, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh bacainní teanga nó riachtanais inrochtaineachta a bheith acu. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh ÚMEnna agus údaráis inniúla seirbhísí aistriúcháin nó uirlisí cumarsáide inrochtana a úsáid, amhail bogearraí físchomhdhála a bhfuil fotheidealú iata ag gabháil leo, ar choinníoll go gcosnaítear sonraí ar úsáid neamhúdaraithe tríú páirtithe.

## Treoirlíne 2: Amlínte

2.1 I gcás imthosca sonracha lena n-éilítear gníomhaíocht phras nó am breise chun an cúram ábhartha a thabhairt chun críche, féadfaidh an Príomh-Mhaoirseoir, i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha, na hamlínte a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 5 go 12 a laghdú nó síneadh a chur leo. Ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir na hathruithe agus na cúiseanna atá leis na hathruithe sin a dhoiciméadú.

## Treoirlíne 3: Difríocht tuairimí idir ÚMEnna agus údaráis inniúla

3.1 I gcás tuairimí éagsúla a bheith ann maidir leis an gcomhar maoirseachta agus an malartú faisnéise, ba cheart do na ÚMEnna agus do na húdaráis inniúla a ndícheall a dhéanamh teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach. I gcásanna nach féidir teacht ar réiteach den sórt sin, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir, i gcomhairle leis an Líonra um Maoirseacht Chomhpháirteach, éagsúlacht na dtuairimí a chur faoi bhráid an Fhóraim Maoirseachta, a chuirfidh a thuairimí i láthair chun teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach.

## Treoirlíne 4: Malartú faisnéise idir ÚMEnna agus údaráis inniúla i gcomhthéacs a gcomhair faoi seach le húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le NIS2 (údaráis NIS2)

4.1 I gcás inar féidir, ba cheart d'údaráis inniúla agus don Phríomh-Fhormhaoirseoir faisnéis ábhartha a chur ar fáil dá chéile, ar faisnéis í a eascraíonn as a n-idirphlé le húdaráis NIS2 atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha atá faoi réir na Treorach sin, a ainmníodh mar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil.

# Cuid 2: Soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a ainmniú

## Treoirlíne 5: Faisnéis maidir leis an measúnú criticiúlachta atá le cur faoi bhráid na ÚMEnna ag na húdaráis inniúla

5.1 Chun críocha na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá criticiúil d'eintitis airgeadais a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 31(1)(a) de DORA, gan moill mhíchuí tar éis dóibh an clár faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 28(3) de DORA a fháil, ba cheart d'údaráis inniúla an clár iomlán faisnéise a chur ar fáil do ÚMEnna i gcomhréir leis na formáidí agus na nósanna imeachta arna sonrú ag ÚMEnna.[3]

5.2 Ba cheart d'údaráis inniúla aon fhaisnéis ábhartha chainníochtúil nó cháilíochtúil atá ar fáil dóibh a chur ar fáil do ÚMEnna freisin chun an measúnú criticiúlachta a bheartaítear in Airteagal 31(2) de DORA a éascú, agus an gníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 31(6) de DORA á chur san áireamh.

5.3 Arna iarraidh sin, ba cheart do na húdaráis inniúla faisnéis bhreise atá ar fáil agus a fuarthas ina ngníomhaíochtaí maoirseachta a chur ar fáil do ÚMEnna, chun an measúnú criticiúlachta a éascú.

## Treoirlíne 6: Faisnéis a bhaineann le hainmniú soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a bheidh le cur faoi bhráid na n-údarás inniúil ag an bPríomh-Mhaoirseoir nó ag ÚMEnna

6.1 Laistigh de 10 lá oibre tar éis dóibh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a fháil, ba cheart do ÚMEnna ainm dlíthiúil, cód aitheantais, tír oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí agus, má bhaineann sé le grúpa,[4] an mháthairghrúpa a chuir iarraidh isteach go n-ainmneofaí é mar ghrúpa criticiúil de réir Airteagal 31(11) de DORA, a chur ar fáil d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann na seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí.

6.2 Ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir an méid seo a leanas a chomhroinnt le húdaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann na seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil:

   a) Laistigh de 10 lá oibre tar éis fógra a fháil ón soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, fógra ón soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil faoi aon athruithe ar struchtúr bhainistíocht na fochuideachta atá bunaithe san Aontas de réir Airteagal 31(13) de DORA;

---

[3] Bainfidh na ÚMEnna úsáid as Airteagal 35(2) de rialacháin bhunaidh na ÚMEnna chun an clár iomlán faisnéise a iarraidh.

[4] Tagraíonn 'cód aitheantais' don chód aitheantais a iarrtar le haghaidh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí mar a bhunaítear leis na Caighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme maidir leis na teimpléid chaighdeánacha chun críocha an chláir faisnéise i ndáil leis na socruithe conarthacha uile maidir le húsáid seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí faoi Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) 2022/2554

b) Laistigh de 10 lá oibre tar éis an fógra faoi chinneadh a chur isteach chun an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a ainmniú mar sholáthraí criticiúil don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, ainm dlíthiúil, cód aitheantais7, tír oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí agus, má bhaineann sé le grúpa, an mháthairghrúpa a ainmníodh mar ghrúpa criticiúil de réir Airteagal 31(5) agus (11) de DORA agus an dáta tosaigh óna mbeidh siad faoi réir gníomhaíochtaí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 31(5) de DORA.

## Cuid 3: Príomhghníomhaíochtaí maoirseachta

## Treoirlíne 7: Pleananna maoirseachta

7.1 Sula dtabharfar an plean formhaoirseachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 33(4) de DORA chun críche, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir an dréachtphlean formhaoirseachta bliantúil a chur ar fáil d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann na seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil.

7.2 Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na himscrúduithe ginearálta nó na cigireachtaí atá beartaithe a áireamh sa dréachtphlean bliantúil maoirseachta:

a) an cineál gníomhaíochta maoirseachta (imscrúdú ginearálta nó cigireacht);

b) raon feidhme agus cuspóirí ardleibhéil;

c) tráthchlár neasach.

7.3 Féadfaidh na húdaráis inniúla barúlacha a thabhairt maidir leis an dréachtphlean maoirseachta bliantúil laistigh de 30 lá oibre tar éis dóibh é a fháil.

7.4 Laistigh de 10 lá oibre tar éis an ghlactha, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir an plean maoirseachta bliantúil agus an plean maoirseachta ilbhliantúil a chur ar fáil do na húdaráis inniúla[5].

7.5 Ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir aon nuashonruithe ábhartha ar an bplean maoirseachta bliantúil agus ar an bplean maoirseachta ilbhliantúil a chur ar fáil do na húdaráis inniúla gan moill mhíchuí tar éis na nuashonruithe a ghlacadh. Féadfaidh údaráis inniúla barúlacha a sholáthar maidir leis na nuashonruithe ábhartha ar an bplean maoirseachta bliantúil laistigh de 30 lá oibre tar éis iad a fháil.

## Treoirlíne 8: Imscrúduithe agus cigireachtaí ginearálta

[5] Féach Aithris 3 de Dhréachtchaighdeáin Theicniúla Rialála maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh i ndáil leis na foirne scrúdúcháin comhpháirteacha faoi DORA

8.1 3 seachtaine ar a laghad roimh thús an imscrúdaithe ghinearálta nó na cigireachta ginearálta i gcomhréir le hAirteagail 38(5), 39(3) agus 36(1) de DORA, nó a luaithe is féidir i gcás imscrúdú práinneach nó cigireacht phráinneach, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann na seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a chur ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine údaraithe le haghaidh an imscrúdaithe ghinearálta nó na cigireachta ginearálta.

8.2 Áirítear ar na daoine údaraithe:

- baill foirne ábhartha an Phríomh-Mhaoirseora; agus
- baill foirne na Foirne Scrúdúcháin Comhpháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 40(2) de DORA, arna gceapadh chun an t-imscrúdú ginearálta nó an chigireacht ghinearálta a dhéanamh.

8.3 Ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann na seirbhísí TFC arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil sin a chur ar an eolas i gcás ina gcinnfidh na daoine údaraithe go bhfuil soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil i gcoinne na cigireachta, lena n-áirítear aon choinníollacha nach bhfuil údar leo a fhorchur ar an gcigireacht.

## Treoirlíne 9: Malartuithe faisnéise breise idir an Príomh-Fhormhaoirseoir agus na húdaráis inniúla i ndáil le gníomhaíochtaí maoirseachta

9.1 Laistigh de 10 lá oibre tar éis ghlacadh na hiarrata ar fhaisnéis chuig an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir raon feidhme ábhartha na hiarrata ar fhaisnéis arna cur faoi bhráid an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil a chur ar fáil don Líonra um Maoirseacht Chomhpháirteach agus d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, i gcomhréir le hAirteagail 36(1)[6] agus 37(1) de DORA.

9.2 Ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a chur ar an eolas faoi aon cheann de na nithe seo a leanas:

- mórtheagmhais a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar eintitis airgeadais laistigh den Aontas nuair a thuairiscíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil iad, lena n-áirítear mionsonraí ábhartha chun tábhacht an teagmhais ar eintitis airgeadais a chinneadh agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchair trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann;[7]

[7] Féach Airteagal 3(2), litir l de Dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le comhchuibhiú coinníollacha lena gcumasaítear na gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh faoi Airteagal 41(1), pointí (a), b) agus (d) de Rialachán (AE) 2022/2554

- athruithe ábhartha ar straitéis an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil maidir le riosca TFC tríú páirtí;
- imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina riosca tábhachtach do leanúnachas agus inbhuanaitheacht sholáthar sheirbhísí TFC;
- ráiteas réasúnaithe a fhéadfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a chur isteach ina léireofar an tionchar a mheastar a bheidh ag an dréachtphlean maoirseachta ar chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme DORA agus, i gcás inarb iomchuí, réitigh a cheapadh chun na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 33(4) de DORA a mhaolú.

9.3 Má dhéanann soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil idirchaidreamh leis na húdaráis inniúla chun críocha gach ábhair a bhaineann leis an maoirseacht, ba cheart do na húdaráis inniúla na cumarsáidí sin a chur ar fáil don Phríomh-Mhaoirseoir agus a mheabhrú don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil gurb é an Príomh-Mhaoirseoir a phríomhphointe teagmhála chun críocha gach ábhair a bhaineann leis an maoirseacht.

## Cuid 4: Obair leantach ar na moltaí

## Treoirlíne 10: Prionsabail ghinearálta maidir le hobair leantach

10.1 Ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail ghinearálta seo a leanas maidir le hobair leantach ar na moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Mhaoirseoir:

- Is iad na húdaráis inniúla an príomhphointe teagmhála d'eintitis airgeadais atá faoina maoirseacht. Tá na húdaráis inniúla freagrach as an obair leantach maidir leis na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí a bhaineann le heintitis airgeadais a bhaineann úsáid as seirbhísí na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla;
- Is é an Príomh-Mhaoirseoir an príomhphointe teagmhála do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla chun críocha gach ábhair a bhaineann leis an maoirseacht. Tá an Príomh-Mhaoirseoir freagrach as obair leantach a dhéanamh ar na moltaí atá dírithe ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil.

## Treoirlíne 11: Malartuithe faisnéise idir an Príomh-Mhaoirseoir agus na húdaráis inniúla chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar mholtaí

11.1 Ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann na seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil:

a. Laistigh de 10 lá oibre tar éis don Phríomh-Mhaoirseoir an méid seo a leanas a fháil:

- fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun na moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Mhaoirseoir a leanúint agus an plean feabhsúcháin arna ullmhú ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil;
- míniú réasúnaithe ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil gan na moltaí a leanúint;
- na tuarascálacha lena sonraítear na bearta a rinneadh nó na feabhsúcháin a chuir an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 35(1)(c) de DORA.

b. Laistigh de 10 lá oibre tar éis na 60 lá féilire a dhul in éag de réir Airteagal 42(1) de DORA:

- gur theip ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil an fógra a sheoladh laistigh de 60 lá féilire tar éis moltaí a eisiúint chuig an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil i gcomhréir le hAirteagal 35(1)(d) de DORA.

c. Laistigh de 10 lá oibre tar éis don Phríomh-Mhaoirseoir a ghlacadh:

- an measúnú i dtaobh an meastar gur leordhóthanach míniú an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil gan moltaí an Phríomh-Mhaoirseora a leanúint agus, má mheastar gur leor é, cinneadh an Phríomh-Mhaoirseora maidir le moltaí a leasú[8];
- measúnú ar na tuarascálacha lena sonraítear na bearta a rinneadh nó na feabhsúcháin a chuir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 35(1)(c) de DORA. I gcás nach bhfuil na moltaí curtha chun feidhme go leordhóthanach ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, ba cheart go gcumhdófaí sa mheasúnú ar a laghad critéir a) go d) d'Airteagal 42(8) de DORA;
- an cinneadh lena bhforchuirtear íocaíocht phionósach thréimhsiúil ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil i gcomhréir le hAirteagal 35(6) de DORA. Má roghnaigh an Príomh-Mhaoirseoir gan an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a nochtadh don phobal de réir Airteagal 35(10) de DORA, níor cheart do na húdaráis inniúla a fhaigheann an fhaisnéis í a nochtadh don phobal;
- measúnú i dtaobh an bhféadfadh drochthionchar a bheith ag diúltú soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil moltaí a fhormhuiniú, bunaithe ar chur chuige éagsúil ón gcur chuige a mhol an Príomh-Mhaoirseoir, ar líon mór eintiteas airgeadais, nó ar chuid shuntasach den earnáil airgeadais.

11.2 I gcomhréir le hAirteagal 42(10) de DORA, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil don Phríomh-Mhaoirseoir i gcás nár fhormhuinigh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla go páirteach ná go hiomlán moltaí ar dhírigh an Príomh-Mhaoirseoir chucu iad:

[8] Déanann an Príomh-Mhaoirseoir agus an Fhoireann Scrúdúchain Comhpháirteach measúnú ar mhíniú réasúnaithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil gan na moltaí a leanúint. Má chinneann an Príomh-Mhaoirseoir go meastar gur leor an míniú, féadfaidh an Príomh-Mhaoirseoir na moltaí faoi seach a leasú.

a. Laistigh de 10 lá oibre tar éis don údarás inniúil a ghlacadh:

- fógra a thabhairt don eintiteas airgeadais go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh i gcás ina measfaidh údarás inniúil nach gcuireann eintiteas airgeadais san áireamh na rioscaí sonracha arna sainaithint sna moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Mhaoirseoir de réir Airteagal 42(4) de DORA, nó nach dtugann sé aghaidh go leordhóthanach orthu laistigh dá bhainistíocht ar riosca TFC tríú páirtí;
- rabhaidh aonair arna n-eisiúint ag údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 42(7) de DORA agus faisnéis ábhartha lenar féidir leis an bPríomh-Mhaoirseoir a mheas an bhfuil cuir chuige chomhsheasmhacha ann lena maolaítear an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don chobhsaíocht airgeadais mar thoradh ar rabhaidh den sórt sin.

b. Laistigh de 10 lá oibre tar éis an chomhairliúcháin:

- toradh an chomhairliúcháin le húdaráis NIS2 sula ndéanfar cinneadh, dá dtagraítear in Airteagal 42(5) de DORA, i gcás inar féidir.

c. Laistigh de 10 lá oibre tar éis an fhaisnéis a fháil ó eintitis airgeadais:

- na hathruithe ábhartha ar shocruithe conarthacha atá ann cheana idir eintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Mhaoirseoir;
- tús a chur le straitéisí scoir agus pleananna aistrithe na n-eintiteas airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(8) de DORA a fhorghníomhú.

11.3 Ba cheart do ÚMEnna, i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, teimpléad a fhorbairt chun tarchur na faisnéise mar a shainmhínítear i bpointe 11.2 a éascú.

## Treoirlíne 12: Cinneadh lena gceanglaítear ar eintitis airgeadais úsáid nó imscaradh seirbhíse arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a chur ar fionraí go sealadach nó na socruithe conarthacha ábhartha arna dtabhairt i gcrích leis an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a fhoirceannadh

12.1 Ba cheart do na húdaráis inniúla an Príomh-Mhaoirseoir a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu fógra a thabhairt d'eintiteas airgeadais go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh mura nglacfaidh an t-eintiteas airgeadais socruithe conarthacha iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha a shainaithnítear sna moltaí, dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de DORA. Chun pointe 12.2 a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an gcinneadh féideartha a chur ar fáil don Phríomh-Mhaoirseoir agus aird a tharraingt air má tá sé ar intinn acu cinneadh práinneach a ghlacadh.

12.2 Tar éis dó an fhaisnéis a fháil, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cinneadh den sórt sin ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil a ndéanfaí a sheirbhís a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh. Laistigh de 10 lá oibre ón bhfaisnéis a fháil nó leis an moill is giorra is féidir i gcás ina mbeartaíonn na húdaráis inniúla cinneadh práinneach a ghlacadh, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir an measúnú sin a chur ar fáil do na húdaráis inniúla lena mbaineann. Ba cheart d'údaráis inniúla an measúnú neamhcheangailteach sin a mheas agus cinneadh á dhéanamh acu an eiseoidh siad an fógra dá dtagraítear i bpointe 12.1 nó nach n-eiseoidh.

12.3 I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag dhá údarás inniúla nó níos mó cinntí a dhéanamh nó i gcás ina bhfuil na cinntí déanta acu maidir le heintitis airgeadais a bhaineann úsáid as seirbhísí TFC arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil céanna, ba cheart don Phríomh-Mhaoirseoir iad a chur ar an eolas faoi aon chur chuige maoirseachta neamhréireach nó éagsúil a bhféadfadh míchothrom iomaíochta a bheith mar thoradh air i gcás ina bhfuil eintitis airgeadais ag baint úsáid as na seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar fud na mBallstát.

## Cuid 5: Forálacha críochnaitheacha

Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo ón 17 Eanáir 2025.

Beidh na Treoirlínte seo faoi réir athbhreithniú ag na ÚMEnna.

# Iarscríbhinn: Tábla ina ndéantar achoimre ar mhalartuithe faisnéise

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar na malartuithe faisnéise idir an LO/ÚMEnna (marcáilte i liath) agus na húdaráis inniúla (marcáilte i nglas) mar a léirítear leis na Treoirlínte seo. Níl sé i gceist leis an tábla aon treoir nua a thabhairt isteach, ach an treoir a áirítear sna Treoirlínte a léiriú. Má tá aon difríocht idir na Treoirlínte agus an tábla seo, is í an fhaisnéis a áirítear sna Treoirlínte a bheidh i réim.

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| **Cuid 1: Breithnithe ginearálta** | | | |
| LO, i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha, na hamlínte a laghdú nó síneadh a chur leo | - | - | 2.1 |
| LO, i gcomhairle le JON, leis an difríocht tuairimí maidir leis an gcomhar maoirseachta agus malartuithe faisnéise a chur faoi bhráid OF | - | - | 3.1 |
| I gcás inar féidir, cuirfidh údaráis inniúla agus LO faisnéis ábhartha ar fáil dá chéile óna n-idirphlé le húdaráis NIS2 | - | | 4.1 |
| **Cuid 2: Ainmniú CTPPanna** | | | |
| Údaráis inniúla leis an gclár iomlán faisnéise a chur ar fáil do na ÚMEnna | Gan moill mhíchuí tar éis an clár faisnéise a fháil | 28(3)[9]<br>31(1)(a)[10], (2), (6)[11] agus (10)[12]<br>Airteagal 35(2) de rialachán bunaidh na | 5.1 |
| Údaráis inniúla le haon fhaisnéis ábhartha chainníochtúil nó cháilíochtúil atá ar fáil dóibh a chur ar fáil do ÚMEnna chun an measúnú | - | | 5.2 |

[9] Airteagal 28(3): Mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, coinneoidh eintitis airgeadais, ar leibhéal eintitis, agus ar leibhéal fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite, clár faisnéise ar bun i ndáil le gach socrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí...

[10] Airteagal 31(1)(a): Ainmneoidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus ar mholadh ón bhFóram Maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 32(1), na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá criticiúil d'eintitis airgeadais, tar éis measúnú a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh na critéir a shonraítear i mír 2.

[11] Airteagal 31(6): Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na critéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, faoin 17 Iúil 2024.

[12] Airteagal 31(10): Chun críocha mhír 1, pointe (a), tarchuirfidh údaráis inniúla, ar bhonn bliantúil agus comhiomlánaithe, na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 28(3), an tríú fomhír, chuig an bhFóram Maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 32....

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| criticiúlachta a éascú | | ÚMEnna[13] | |
| Arna iarraidh sin, cuirfidh na húdaráis inniúla faisnéis bhreise ar fáil a fuarthas ina ngníomhaíochtaí maoirseachta | - | | 5.3 |
| Cuirfidh ÚMEnna faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla faoi TPP a chuir iarraidh isteach go n-ainmneofaí é mar eintiteas criticiúil | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an TPP a fháil | 31(5)[14], (11)[15] agus (13)[16] | 6.1 |
| LO le fógra CTPP a roinnt le húdaráis inniúla maidir le haon athrú ar struchtúr bhainistíocht na fochuideachta atá bunaithe san Aontas | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an CTPP a fháil | | 6.2 (a) |
| LO le faisnéis faoi TPP atá ainmnithe mar TPP criticiúil agus dáta tosaigh an ainmniúcháin a roinnt le húdaráis inniúla | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an fógra a chur isteach | | 6.2 (b) |
| **Cuid 3: Príomhghníomhaíochtaí maoirseachta** | | | |
| LO leis an dréachtphlean maoirseachta bliantúil a chur ar fáil do na húdaráis inniúla | Sula dtabharfar an plean maoirseachta bliantúil chun críche | 33(4)[17] Aithris 3 de Dhréachtchaighdeáin Theicniúla Rialála maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh i ndáil leis | 7.1 |
| Féadfaidh údaráis inniúla barúlacha a sholáthar maidir leis an dréachtphlean maoirseachta bliantúil | Laistigh de 30 lá oibre tar éis é a fháil | | 7.3 |
| LO leis an plean maoirseachta bliantúil agus an | Laistigh de 10 lá | | 7.4 |

[13] Airteagal 35(2) de rialachán bunaidh na ÚMEanna: Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh freisin go soláthrófar faisnéis ag eatraimh athfhillteacha agus i bhformáidí sonraithe. Déanfar iarrataí den sórt sin, i gcás inar féidir, trí úsáid a bhaint as formáidí tuairiscithe coiteanna.

[14] Airteagal 31(5): ... Tar éis soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a ainmniú mar sholáthraí criticiúil, tabharfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, fógra don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí faoin ainmniú sin agus faoin dáta tosaigh óna mbeidh siad faoi réir gníomhaíochtaí maoirseachta go héifeachtach.

[15] Airteagal 31(11): Féadfaidh na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nach bhfuil ar an liosta dá dtagraítear i mír 9 a iarraidh go n-ainmneofar iad mar sholáthraithe criticiúla i gcomhréir le mír 1, pointe (a).

[16] Airteagal 31(13): Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil dá dtagraítear i mír 12 fógra don Phríomh-Mhaoirseoir faoi aon athruithe ar struchtúr bhainistíocht na fochuideachta atá bunaithe san Aontas.

[17] Airteagal 33(4): Bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear i mír 2, agus i gcomhar leis an Líonra Maoirseachta Comhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 34(1), glacfaidh an Príomh-Mhaoirseoir plean maoirseachta aonair atá soiléir, mionsonraithe agus réasúnaithe ina dtabharfar tuairisc ar na cuspóirí bliantúla maoirseachta agus ar na príomhghníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe do gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil. Cuirfear an plean sin in iúl don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar bhonn bliantúil.

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| plean maoirseachta ilbhliantúil a chur ar fáil do na húdaráis inniúla. | oibre tar éis an ghlactha | na foirne scrúdúcháin comhpháirteacha faoi DORA | |
| LO le haon nuashonruithe ábhartha ar an bplean maoirseachta bliantúil agus ar an bplean maoirseachta ilbhliantúil a chur ar fáil do na húdaráis inniúla | Gan moill mhíchuí tar éis na nuashonruithe a ghlacadh | | 7.5 |
| Féadfaidh údaráis inniúla barúlacha a sholáthar maidir leis na nuashonruithe ábhartha ar an bplean maoirseachta bliantúil | Laistigh de 30 lá oibre tar éis é a fháil | | 7.5 |
| LO le céannacht na ndaoine údaraithe le haghaidh an imscrúdaithe nó na cigireachta a dheimhniú do na húdaráis inniúla | Trí seachtaine ar a laghad roimh thús an imscrúdaithe nó na cigireachta<br>Nó<br>A luaithe is féidir i gcás imscrúdú nó cigireacht phráinneach | 36(1), 38(5)[18] agus 39(3)[19] | 8.1 |
| LO le húdaráis inniúla a chur ar an eolas i gcás ina gcinnfidh na daoine údaraithe go bhfuil CTPP i gcoinne cigireachta, lena n-áirítear aon choinníollacha nach bhfuil údar leo a fhorchur ar an gcigireacht | - | 39(7)[20] | 8.3 |

[18] Airteagal 38(5): In am trátha roimh thús an imscrúdaithe, cuirfidh an Príomh-Mhaoirseoir údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a bhaineann úsáid as seirbhísí TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil sin ar an eolas faoin imscrúdú atá beartaithe agus faoi chéannacht na ndaoine údaraithe.

[19] Airteagal 39(3): In am trátha roimh thús na cigireachta, cuirfidh an Príomh-Mhaoirseoir údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí sin ar an eolas.

[20] Airteagal 39(7): I gcás ina gcinnfidh na hoifigigh agus daoine eile a údaraíonn an Príomh-Mhaoirseoir go gcuireann soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil i gcoinne cigireachta a ordaítear de bhun an Airteagail seo, cuirfidh an Príomh-Mhaoirseoir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar an eolas faoi iarmhairtí an chur i gcoinne sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais ábhartha a cheangal ar eintitis airgeadais na socruithe conarthacha a tugadh i gcrích leis an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil sin a fhoirceannadh.

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| LO le raon feidhme ábhartha na hiarrata ar fhaisnéis arna cur faoi bhráid CTPP a chur ar fáil do JON agus do na húdaráis inniúla | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an iarraidh ar fhaisnéis chuig CTPP a ghlacadh | 36(1)[21],37(1)[22] agus 37(5)[23] | 9.1 |
| LO leis na nithe seo a leanas a chur ar fáil do na húdaráis inniúla:<br>• mórtheagmhais a bhfuil tionchar díreach/indíreach acu ar FEnna nuair a thuairiscíonn CTPP iad (arna iarraidh sin ag LO);<br>• athruithe ábhartha ar straitéis CTPP maidir le riosca TFC tríú páirtí;<br>• imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina riosca tábhachtach do sholáthar seirbhísí TFC;<br>• ráiteas réasúnaithe ó CTPP ina léirítear an tionchar a mheastar a bheidh ag an dréachtphlean maoirseachta. | - | 33(4)[24]<br>Airteagal 3(2), litir l de Dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le comhchuibhiú coinníollacha lena gcumasaítear na gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh faoi Airteagal 41(1), pointí (a), b) agus (d) de Rialachán (AE) 2022/2554 | 9.2 |
| Údaráis inniúla le teachtaireachtaí ó CTPP leis | - | 33(1)[25] | 9.3 |

[21] Airteagal 36(1): I gcás nach féidir cuspóirí maoirseachta a bhaint amach trí idirghníomhú leis an bhfochuideachta a bunaíodh chun críoch Airteagal 31(12), nó trí ghníomhaíochtaí maoirseachta a fheidhmiú ar áitreabh atá lonnaithe san Aontas, féadfaidh an Príomh-Mhaoirseoir na cumhachtaí dá dtagraítear sna forálacha seo a leanas a fheidhmiú ar aon áitreabh atá suite i dtríú tír atá faoi úinéireacht soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil, nó atá á úsáid ar bhealach ar bith, chun seirbhísí a sholáthar d'eintitis airgeadais an Aontais, i dtaca lena oibríochtaí gnó, lena fheidhmeanna nó lena sheirbhísí, lena n-áirítear aon oifigí riaracháin, gnó nó oibríochtúla, áitribh, tailte, foirgnimh nó maoin eile...

[22] Airteagal 37(1): Féadfaidh an Príomh-Maoirseoir, trí iarraidh shimplí nó trí chinneadh, a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Phríomh-Mhaoirseoir chun a dhualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear gach doiciméad gnó nó oibríochta ábhartha, gach conradh, gach doiciméad, gach tuarascáil iniúchóireachta slándála TFC, gach tuarascáil teagmhais a bhaineann le TFC, chomh maith le haon fhaisnéis a bhaineann le páirtithe a ndearna an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu.

[23] Tarchuirfidh an Príomh-Mhaoirseoir, gan mhoill, cóip den chinneadh chun faisnéis a sholáthar chuig údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann seirbhísí na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla ábhartha agus chuig JON.

[24] Airteagal 33(4), an tríú fomhír: Ar fháil an dréachtphlean maoirseachta dó, féadfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ráiteas réasúnaithe a chur isteach laistigh de 15 lá féilire ina léirítear an tionchar ionchasach ar chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus, i gcás inarb iomchuí, ina gceaptar réitigh chun rioscaí a mhaolú.

[25] Airteagal 33(1): Déanfaidh an Príomh-Mhaoirseoir maoirseacht ar na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla arna sannadh agus, chun críocha gach ábhair a bhaineann leis an maoirseacht, beidh sé ina phríomhphointe teagmhála do na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla sin.

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| na húdaráis inniúla a chur ar fáil don LO chun críocha na n-ábhar uile a bhaineann leis an maoirseacht | | | |
| **Cuid 4: Obair leantach ar na moltaí** | | | |
| LO leis an méid seo a leanas a chur ar fáil do na húdaráis inniúla:<br>• fógra CTPP chun moltaí a leanúint;<br>• plean feabhsúcháin CTPP;<br>• an míniú réasúnaithe ag CTPP gan na moltaí a leanúint; agus<br>• an tuarascáil ina sonraítear na gníomhaíochtaí a rinneadh nó na feabhsúcháin a chuir CTPP chun feidhme | Laistigh de 10 lá oibre tar éis don LO é a fháil | 35(1)(c)[26] agus 42(1)[27] | 11.1 a) |
| LO le húdaráis inniúla a chur ar an eolas nár sheol CTPP an fógra laistigh de 60 lá féilire tar éis moltaí a eisiúint chuig CTPP | Laistigh de 10 lá oibre tar éis na 60 lá féilire a dhul in éag | | 11.1 b) |
| LO leis an méid seo a leanas a chur ar fáil do na húdaráis inniúla: | Laistigh de 10 lá oibre tar éis don LO a ghlacadh | 35(1)(c), 35(6)[28], 35(10)[29], 42(1), 42(8)(a-d)[30] | 11.1 c) |

[26] Airteagal 35(1)(c): Tá sé de chumhacht ag an bPríomh-Mhaoirseoir, tar éis na gníomhaíochtaí maoirseachta a thabhairt chun críche, tuarascálacha a iarraidh ina sonraítear na bearta a rinneadh nó na feabhsúcháin a chuir an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun feidhme i ndáil leis na moltaí a eisíodh.

[27] Airteagal 42(1): Laistigh de 60 lá féilire ó na moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Mhaoirseoir a fháil, tabharfaidh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla fógra don Phríomh-Mhaoirseoir go bhfuil sé ar intinn acu na moltaí a leanúint nó tabharfaidh siad míniú réasúnaithe gan na moltaí sin a leanúint.

[28] Airteagal 35(6): I gcás neamhchomhlíonadh iomlán nó páirteach na mbeart a cheanglaítear a dhéanamh de bhun fheidhmiú na gcumhachtaí faoi mhír 1, pointí (a), (b) agus (c), agus tar éis tréimhse 30 lá féilire ar a laghad a bheith caite ón dáta a fuair an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil fógra faoi na bearta faoi seach, glacfaidh an Príomh-Mhaoirseoir cinneadh lena bhforchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil chun iallach a chur ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil na bearta sin a chomhlíonadh.

[29] Airteagal 35(10): Déanfaidh an Príomh-Mhaoirseoir gach íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchuirtear a nochtadh don phobal, mura rud é go ndéanfadh an nochtadh sin dochar mór do na margaí airgeadais nó go mbeadh sé ina chúis le damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann.

[30] Airteagal 42(8): Tar éis dóibh na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointe (c), a fháil, déanfaidh údaráis inniúla, agus cinneadh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo á dhéanamh acu, cineál agus méid an riosca nach ndíríonn an soláthraí

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| • measúnú i dtaobh an meastar gur leor míniú CTPP maidir le gan moltaí LO a leanúint agus, má mheastar, cinneadh an údaráis áitiúil maidir le moltaí a leasú;<br>• measúnú ar na tuarascálacha lena sonraítear na gníomhaíochtaí a rinneadh nó na feabhsúcháin a chuir CTPP chun feidhme;<br>• cinneadh lena bhforchuirtear íocaíocht phionósach thréimhsiúil ar CTPP;<br>• measúnú i dtaobh an bhféadfadh drochthionchar a bheith ag diúltú CTPP moltaí a fhormhuiniú ar líon mór eintiteas airgeadais, nó ar chuid shuntasach den earnáil airgeadais | | | |
| Údaráis inniúla le cur ar fáil do LO:<br>• fógra don eintiteas airgeadais go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh;<br>• rabhaidh aonair arna n-eisiúint ag údaráis inniúla agus faisnéis ábhartha lenar féidir le | Laistigh de 10 lá oibre tar éis don údarás inniúil a ghlacadh | 42(4)[31], (7)[32] agus (10)[33] | 11.2 a) |

seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil air a chur san áireamh, chomh maith le tromchúis an neamhchomhlíonta, ag féachaint do na critéir seo a leanas:

(a) tromchúis agus fad an neamhchomhlíonta;

(b) cé acu ar nocht an neamhchomhlíonadh laigí tromchúiseacha i nósanna imeachta, córais bhainistithe, bainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil;

(c) cé acu ar éascaíodh nó ar tharla coir airgeadais mar gheall ar an neamhchomhlíonadh, nó an bhfuil an neamhchomhlíonadh ina chúis leis an gcoir airgeadais ar shlí eile;

(d) cé acu d'aon ghnó nó le faillí a rinneadh an neamhchomhlíonadh.

[31] Airteagal 42(4): I gcás ina measfaidh údarás inniúil nach gcuireann eintiteas airgeadais na rioscaí sonracha arna sainaithint sna moltaí san áireamh nó nach dtugann sé aghaidh go leordhóthanach orthu laistigh dá bhainistíocht ar riosca TFC tríú páirtí, tabharfaidh sé fógra don eintiteas airgeadais go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh, laistigh de 60 lá féilire ón bhfógra sin a fháil, de bhun mhír 6, in éagmais socruithe conarthacha iomchuí arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

[32] Airteagal 42(7): I gcás ina ndiúltóidh soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil moltaí a fhormhuiniú, bunaithe ar chur chuige éagsúil ón gcur chuige a mhol an Príomh-Mhaoirseoir, agus go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag an gcur chuige éagsúil sin ar líon mór eintiteas airgeadais, nó ar chuid shuntasach den earnáil airgeadais, agus nach bhfuil cuir chuige chomhsheasmhacha mar thoradh ar rabhaidh aonair arna n-eisiúint ag údaráis inniúla chun an riosca féideartha don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú, féadfaidh an Príomh-Mhaoirseoir, tar éis dul i gcomhairle leis an bhFóram Maoirseachta, tuairimí neamhcheangailteacha agus neamhphoiblí a eisiúint d'údaráis inniúla, chun bearta leantacha maoirseachta comhsheasmhacha agus cóineasaithe a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí.

[33] Airteagal 42(10): Cuirfidh na húdaráis inniúla an Príomh-Mhaoirseoir ar an eolas ar bhonn rialta faoi na cineálacha cur chuige agus na bearta arna ndéanamh ina gcúraimí maoirseachta i ndáil le heintitis airgeadais agus faoi na socruithe conarthacha arna dtabhairt i gcrích ag eintitis airgeadais i gcás nach mbeidh moltaí a ndíríonn an Príomh-Mhaoirseoir iad orthu formhuinithe go páirteach ná go hiomlán ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla.

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| LO a mheas an bhfuil cuir chuige chomhsheasmhacha ann lena maolaítear an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don chobhsaíocht airgeadais mar thoradh ar rabhaidh den sórt sin | | | |
| I gcás inar féidir, cuirfidh na húdaráis inniúla toradh an chomhairliúcháin le húdaráis NIS2 ar fáil don LO sula ndéanfar cinneadh. | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an chomhairliúcháin | 42(5)[34] | 11.2 b) |
| Údaráis inniúla le cur ar fáil do LO:<br>• na hathruithe ábhartha a rinneadh ar shocruithe conarthacha reatha na n-eintiteas airgeadais le CTPPanna chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh sna moltaí;<br>• tús a chur le straitéisí scoir agus pleananna aistrithe na n-eintiteas airgeadais a fhorghníomhú | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an fhaisnéis a fháil ó eintitis airgeadais | 28 agus 42(10)[35] | 11.2 c) |
| Údaráis inniúla leis an LO a chur ar an eolas faoin méid seo a leanas:<br>• rún fógra a thabhairt d'eintiteas airgeadais go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh mura nglacann an t-eintiteas airgeadais socruithe conarthacha iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha a shainaithnítear sna moltaí;<br>• an fhaisnéis ábhartha go léir maidir leis an gcinneadh;<br>• an bhfuil sé ar intinn acu cinneadh | - | 42(4) agus (10) | 12.1 |

[34] Airteagal 42(5): Tar éis dóibh na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointe (c) a fháil, agus sula ndéanfar cinneadh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla, ar bhonn deonach, dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar eintiteas fíor-riachtanach nó tábhachtach faoi réir na Treorach sin, a ainmníodh mar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil.

[35] Airteagal 42(10): Cuirfidh na húdaráis inniúla an Príomh-Mhaoirseoir ar an eolas ar bhonn rialta faoi na cineálacha cur chuige agus na bearta arna ndéanamh ina gcúraimí maoirseachta i ndáil le heintitis airgeadais agus faoi na socruithe conarthacha arna dtabhairt i gcrích ag eintitis airgeadais i gcás nach mbeidh moltaí a ndíríonn an Príomh-Mhaoirseoir iad orthu formhuinithe go páirteach ná go hiomlán ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla.

| Malartú faisnéise | Amlíne | An tAirteagal gaolmhar i dtéacs Leibhéal 1 | GL |
|---|---|---|---|
| práinneach a dhéanamh | | | |
| LO le measúnú neamhcheangailteach a chur ar fáil d'údaráis inniúla maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcinneadh ar CTPP a gcuirfí a sheirbhís ar fionraí go sealadach nó a bhfoirceannfaí í | Laistigh de 10 lá oibre tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear in GL 12.1 a fháil<br>nó<br>Leis an moill is giorra is féidir i gcás de chinneadh práinneach | | 12.2 |